AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.7.2025
COM(2025) 430 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

de bhun Airteagal 13 de Rialachán (AE)2022/1031 maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin sin agus maidir leis an dul chun cinn atá déanta i gcaibidlíocht idirnáisiúnta, i ndáil le rochtain d'oibreoirí eacnamaíocha an Aontais ar na margaí soláthair phoiblí nó lamháltais de chuid tríú tíortha, arna ndéanamh faoin Rialachán sin

Foilsíodh Rialachán (AE) 2022/1031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meitheamh 2022 maidir le rochtain oibreoirí eacnamaíocha, earraí agus seirbhísí tríú tíortha ar mhargaí soláthair phoiblí agus lamháltais an Aontais agus maidir le nósanna imeachta a thacaíonn leis an gcaibidlíocht maidir le rochtain oibreoirí eacnamaíocha, earraí agus seirbhísí an Aontais ar mhargaí soláthair phoiblí agus lamháltais tríú tíortha (Ionstraim Soláthair Phoiblí Idirnáisiúnta – IPI)[1] ('Rialachán IPI'), in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* an 30 Meitheamh 2022 agus tháinig sé i bhfeidhm an 29 Lúnasa 2022.

Le hAirteagal 13 de Rialachán IPI ceanglaítear ar an gCoimisiúin Eorpach ('an Coimisiún') faoin 30 Lúnasa 2025 agus ar a laghad gach 2 bhliain ina dhiaidh sin, tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin sin agus maidir leis an dul chun cinn atá déanta i gcaibidlíocht idirnáisiúnta, i ndáil le rochtain d'oibreoirí eacnamaíocha an Aontais ar na margaí soláthair phoiblí nó lamháltais de chuid tríú tíortha, arna ndéanamh faoin Rialachán sin. Cuirfidh an Coimisiún an tuarascáil sin ar fáil don phobal.

Le Rialachán IPI, tugtar sainordú don Choimisiún freisin uirlisí áirithe a bhunú chun cur i bhfeidhm an Rialacháin a éascú. Chomhlíon an Coimisiún na ceanglais sin agus leagtar amach i Roinn 1 na bearta comhfhreagracha a rinneadh. Ó tháinig Rialachán IPI i bhfeidhm, thionscain agus thug an Coimisiún i gcrích imscrúdú IPI amháin a bhaineann le bearta agus cleachtais Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tSín') sa mhargadh soláthair phoiblí le haghaidh feistí leighis.[2] Cuirtear an chéad imscrúdú IPI sin i láthair i Roinn 2. Ar deireadh, soláthraítear i Roinn 3 thíos conclúidí an Choimisiúin ar bhonn a thaithí ar chur i bhfeidhm Rialachán IPI suas go dtí dáta na tuarascála seo.

1. Uirlisí maidir le cur i bhfeidhm Rialachán IPI a éascú

Tá roinnt uirlisí curtha ar fáil ag an gCoimisiún do na páirtithe leasmhara ábhartha uile maidir le cur i bhfeidhm Rialachán IPI a éascú, i bhfoirm treoirlínte oibríochtúla, treoraíochta, agus dhá uirlis ar líne: uirlis ghearáin atá dírithe ar pháirtithe a bhféadfadh srianta soláthair phoiblí thar lear difear a dhéanamh dóibh, agus uirlis mhíniúcháin arb é is aidhm di cur chun feidhme bhearta IPI ag údaráis chonarthacha an Aontais a éascú.

1.1. Treoirlínte an Choimisiúin maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin IPI ag údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha agus ag oibreoirí eacnamaíocha a éascú

Le hAirteagal 12 de Rialachán IPI ceanglaítear ar an gCoimisiún treoirlínte oibríochtúla a eisiúint maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin ag údaráis chonarthacha agus ag eintitis chonarthacha a éascú, agus ag oibreoirí eacnamaíocha, laistigh de 6 mhí tar éis a theacht i bhfeidhm. Chomhlíon an Coimisiún an ceanglas sin trí threoirlínte den sórt sin a fhoilsiú an 21 Feabhra 2023 ('na Treoirlínte').[3]

Tugann na Treoirlínte treoraíocht d'údaráis chonarthacha agus d'eintitis chonarthacha maidir le tionscnamh na n-oibreoirí eacnamaíocha, na n-earraí agus na seirbhísí a chinneadh. I gcás

---

1 IO L 173, 30.6.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/1031/oj.

2 Fógra tionscnaimh maidir le himscrúdú de bhun na hIonstraime Soláthair Phoiblí Idirnáisiúnta i ndáil le bearta agus cleachtais Dhaon-Phoblacht na Síne sa mhargadh soláthair phoiblí le haghaidh feistí leighis, (C/2024/2343), IO C, C/2024/2973, 24.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/2973/ojhttp://data.europa.eu/eli/C/2024/2973/oj.

3 Teachtaireacht ón gCoimisiún Treoirlínte chun cur i bhfeidhm an Rialacháin IPI* ag údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha agus ag oibreoirí eacnamaíocha a éascú 2023/C 64/04, IO C 64, lch. 7, 21.2.2023, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52023XC0221(02).

oibreoirí eacnamaíocha, is é an critéar an áit bhunaithe agus tugtar míniú sna Treoirlínte ar an gcoincheap 'oibríocht ghnó shubstaintiúil', a tugadh isteach chun imchéimniú ar Rialachán IPI a chosc trí chuideachtaí caocha a úsáid. I gcás earraí, suitear an tionscnamh i gcomhréir leis na rialacha tionscnaimh neamhfhabhracha faoi Chód Custaim an Aontais.[4] Maidir le seirbhísí, cinntear an tionscnamh ar bhonn thionscnamh an tsoláthróra seirbhísí.

Ar deireadh, soiléirítear leis na Treoirlínte na rialacha maidir le cur i bhfeidhm bhearta IPI ag údaráis chonarthacha agus ag eintitis chonarthacha, lena n-áirítear rialacha luachála chun a chinneadh an bhfuil luach an chonartha faoi bhun nó os cionn na dtairseach chun beart nó bearta IPI a chur i bhfeidhm faoi Airteagal 6 de Rialachán IPI. Leagtar síos iontu ceanglais trédhearcachta sna nósanna imeachta soláthair phoiblí maidir le bearta IPI a chur i bhfeidhm (bearta coigeartaithe scóir agus eisiaimh) agus mínítear iontu na rialacha i ndáil le bearta IPI a chur i bhfeidhm maidir le conarthaí sonracha amhail creatchonarthaí.

1.2. An Uirlis Ghearáin ar Líne

Le hAirteagal 5(1), an dara fomhír, de Rialachán IPI, ceanglaítear ar an gCoimisiún uirlis ar líne a chur ar fáil ar a shuíomh gréasáin do pháirtithe leasmhara an Aontais agus do na Ballstáit chun gearán cuí-réasúnaithe a chur isteach go foirmiúil, rud a d'fhéadfadh a thabhairt ar an gCoimisiún imscrúdú a thionscnamh ar bheart nó ar chleachtas líomhnaithe tríú tír. Chomhlíon an Coimisiún an oibleagáid sin trí uirlis ghearáin ar líne a chur ar fáil.[5] Tá réimsí éigeantacha san uirlis ghearáin ar líne amhail céannacht an ghearánaigh, faisnéis faoin ngearán, tuairisc fhíorasach ar bheart agus/nó cleachtas an tríú tír agus réimsí roghnacha (e.g. tionchar eacnamaíoch nó sistéamach an bhirt, taithí tairisceana agus gníomhaíochtaí a rinneadh cheana nó atá beartaithe). Tá coimircí láidre tugtha isteach ag an gCoimisiún chun caighdeán an-ard rúndachta agus anaithnideachta a áirithiú agus gearáin á láimhseáil. Go dtí seo, níl aon ghearán cuí-réasúnaithe faighte ag an gCoimisiún tríd an uirlis ghearáin ar líne tiomnaithe sin. San am céanna, fuair an Coimisiún roinnt gearán neamhfhoirmiúil faoi bhacainní ar sholáthar poiblí i dtríú tíortha trí bhealaí eile.

1.3. Treoraíocht do pháirtithe leasmhara maidir le faisnéis a sholáthar faoi Airteagal 5(1) de Rialachán IPI

De réir Airteagal 5(1) de Rialachán IPI, leis an bhfógra tionscnaimh maidir le himscrúdú IPI iarrfar ar pháirtithe leasmhara agus ar na Ballstáit faisnéis ábhartha a sholáthar don Choimisiún laistigh de thréimhse shonraithe ama. Chun páirtithe leasmhara a chur ar an eolas faoi conas iad féin a chur in aithne, agus chun struchtúr a chur ar bhailiú na faisnéise ó pháirtithe leasmhara agus ó na Ballstáit, d'fhoilsigh an Coimisiún treoraíocht do pháirtithe leasmhara maidir le faisnéis a sholáthar.[6]

1.4. An uirlis ar líne 'Procurement4Buyers'

Cé nach gceanglaítear é le Rialachán IPI, tá uirlis soláthair phoiblí curtha ar fáil go poiblí ag an gCoimisiún ar a shuíomh gréasáin lena gcuirtear, *inter alia*, údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha ar an eolas nuair nach mór dóibh rannpháirtíocht tairgeoirí eachtracha a

---

4 Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

5 https://trade.ec.europa.eu/access-to-markets/ga/contact-form?type=COMPL_IPI.

6 https://trade.ec.europa.eu/access-to-markets/ga/form-assets/IPI_interested_parties_guidance.pdf.

shrianadh i gcomhréir le bearta IPI. Chun a fhíorú go tapa agus go hiontaofa cé na tairgeoirí tríú tír a bhfuil rochtain faoi ráthaíocht dhlíthiúil acu chun tairiscint a dhéanamh ar sholáthar poiblí beartaithe, is féidir le húdaráis soláthair agus eintitis soláthair úsáid a bhaint as an uirlis[7] 'Procurement4Buyers' a cuireadh ar fáil ar shuíomh gréasáin 'Acces2Markets' Ard-Stiúrthóireacht na Trádála. Is leor céannacht an eintitis soláthair, ábhar agus luach measta an tsoláthair phoiblí bheartaithe (cód CPV[8]) a léiriú agus, i gcás inar gá, roinnt ceisteanna leantacha a fhreagairt. Cuirfidh an uirlis liosta dearfach ar fáil don úsáideoir ansin de thíortha a bhfuil a dtairgeoirí i dteideal páirt a ghlacadh sa soláthar poiblí, chomh maith le liosta diúltach de thíortha a bhfuil a gcuideachtaí eisiata ó thairiscintí. Léireofar sa liosta deireanach sin torthaí nósanna imeachta cinnteoireachta IPI.[9]

2. Imscrúdú IPI maidir le bearta agus cleachtais na Síne sa mhargadh soláthair phoiblí le haghaidh feistí leighis

An 24 Aibreán 2024, sheol an Coimisiún Eorpach, ar a thionscnamh féin, imscrúdú de bhun Airteagal 5(1) de Rialachán IPI maidir le bearta agus cleachtais na Síne a bhfuil lagú tromchúiseach athfhillteach ar rochtain oibreoirí eacnamaíocha, earraí agus seirbhísí an Aontais ar mhargadh soláthair phoiblí na Síne le haghaidh feistí leighis mar thoradh orthu. I gcomhréir le hAirteagal 5(2) de Rialachán IPI, rinneadh comhairliúcháin leis an tSín ón 24 go dtí an 26 Iúil 2024 i mBéising. Ní raibh réiteach sásúil ar na srianta soláthair phoiblí a sainaithníodh le linn an imscrúdaithe mar thoradh ar na comhairliúcháin.

An 14 Eanáir 2025, ar chur i gcrích a imscrúdaithe agus na gcomhairliúchán leis an tSín, chuir an Coimisiún tuarascáil ar fáil go poiblí de bhun Airteagal 5(4) de Rialachán IPI ina raibh torthaí a imscrúdaithe agus an ghníomhaíocht atá beartaithe[10] ('an tuarascáil imscrúdúcháin'). Chuir an Coimisiún an tuarascáil imscrúdúcháin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, de bhun Airteagal 5(4) de Rialachán IPI, an 29 agus an 30 Eanáir 2025, faoi seach.

Bhí dúshlán ar leith ag baint leis an imscrúdú sin mar gheall ar an gcaoi a bhfuil margadh soláthair phoiblí na Síne deacair le tuiscint. Ní ó fhorálacha dlíthiúla amháin a eascraíonn idirdhealú in aghaidh soláthróirí eachtracha, ach ó raidhse beart riaracháin, treoirlínte inmheánacha, agus treoracha arna n-eisiúint ar leibhéil éagsúla rialtais freisin. Ba mhór an deacracht a bhí ann sampla mór de chonarthaí soláthair phoiblí a bhailiú ón tSín i bhformáid a d'fhág go rabhthas in ann measúnú fiúntach a dhéanamh ar bhearta sriantacha a dhéanann difear do chuideachtaí an Aontais sna coinníollacha doiciméadachta agus tairisceana a ghabhann leo. Bhí gá le hacmhainní an-substaintiúil a úsáid mar gheall ar na bacainní sin. Trí iarracht fhairsing anailíseach agus trí chomhar le páirtithe leasmhara, bhí an Coimisiún in ann na

---

7 https://trade.ec.europa.eu/access-to-markets/ga/contact-form?type=COMPL_IPI.

8 Rialachán (CE) Uimh. 2195/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Samhain 2002 maidir leis an Stór Focal Comhchoiteann um Sholáthar (CPV) (IO L 340, 16.12.2002, lch. 1; ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/2195/2022-07-10http://data.europa.eu/eli/reg/2002/2195/2022-07-10).

9 https://webgate.ec.europa.eu/procurementbuyers/#/procumementlocation.

10 Tuarascáil ón gCoimisiún de bhun Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) 2022/1031 maidir le himscrúdú de bhun na hIonstraime Soláthair Phoiblí Idirnáisiúnta i ndáil le bearta agus cleachtais na Síne sa mhargadh soláthair phoiblí le haghaidh feistí leighis, COM(2025)5 agus Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le príomhthorthaí an imscrúdaithe IPI maidir leis an margadh soláthair le haghaidh feistí leighis sa tSín a ghabhann leis an Tuarascáil ón gCoimisiún de bhun Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) 2022/1031 maidir le himscrúdú de bhun na hIonstraime Soláthair Phoiblí Idirnáisiúnta i ndáil le bearta agus cleachtais na Síne sa mhargadh soláthair phoiblí le haghaidh feistí leighis (SWD (2025) 2) ('an Doiciméad Inmheánach Oibre').

dúshláin sin a shárú ar deireadh agus léargas mionsonraithe a fháil ar na bacainní sistéamacha a bhí i bhfeidhm.

Sa tuarascáil imscrúdúcháin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur bhunaigh an tSín córas cuimsitheach lena dtugtar tús áite go córasach d'fheistí leighis intíre seachas d'fheistí leighis eachtracha trí fhorálacha atá ceangailteach ó thaobh dlí lena gceanglaítear ar eintitis phoiblí táirgí intíre a roghnú aon uair a bhíonn rogha mhalartach áitiúil ar fáil, rud a threisítear le nósanna imeachta formheasa troma le haghaidh earraí allmhairithe agus bearta earnáilsonracha agus sprioc-chuótaí d'ospidéil chun táirgí intíre a fháil. Tá feidhm ag an gcóras cuimsitheach idirdhealaitheach sin maidir le gach catagóir feistí leighis agus i gcríoch iomlán na Síne, gan beann ar luach na gconarthaí soláthair phoiblí lena mbaineann. Ina theannta sin, shuigh an Coimisiún go ndreasaíonn eagrú an tsoláthair phoiblí mhéidbhunaithe sa tSín soláthróirí chun praghsanna an-íseal a thairiscint chun conarthaí móra a bhuachan agus go n-eisiatar *de facto* cuideachtaí atá dírithe ar bhrabús agus nach bhfaigheann fóirdheontais Stáit. D'aimsigh an Coimisiún fianaise ar chleachtais idirdhealaitheacha agus eisiatacha in 87 % de na conarthaí soláthair phoiblí ar éirigh leis scrúdú a dhéanamh orthu. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil lagú tromchúiseach athfhillteach ar rochtain oibreoirí eacnamaíocha an Aontais agus feistí leighis de dhéantús an Aontais ar an margadh soláthair phoiblí le haghaidh feistí leighis sa tSín mar thoradh ar na bearta agus na cleachtais sin. Dá bhrí sin, is bearta nó cleachtais tríú tír iad de réir bhrí Airteagal 2(1), pointe (i) de Rialachán IPI. Maidir le toradh na gcomhairliúchán, luaitear sa tuarascáil imscrúdúcháin gur mhaígh Rialtas na Síne nach n-osclódh sé a mhargadh soláthair phoiblí go haontaobhach i ndáil le feistí leighis agus nár mhol sé gníomhaíochtaí ceartaitheacha sonracha chun an lagú tromchúiseach athfhillteach sin ar rochtain a leigheas.

Ar an mbonn sin, rinne an Coimisiún measúnú ar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 6 de Rialachán IPI d'fhonn beart IPI a ghlacadh mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (j) de Rialachán IPI. Díríodh i measúnú an Choimisiúin ar (i) chomhréireacht agus leordhóthanacht bheart IPI a d'fhéadfadh a bheith ann maidir leis na bearta agus na cleachtais a sainaithníodh; (ii) infhaighteacht foinsí malartacha soláthair; agus (iii) leas an Aontais (leas eacnamaíoch tháirgeoirí an Aontais; an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar údaráis chonarthacha agus ar eintitis chonarthacha an Aontais, agus éifeachtaí foriomlána an bhirt IPI ar gheilleagar an Aontais).

Tar éis an mheasúnaithe sin, bheartaigh an Coimisiún beart IPI a fhorchur i bhfoirm eisiamh tairiscintí a chuir gach oibreoir eacnamaíoch de thionscnamh na Síne isteach le haghaidh gach nós imeachta soláthair phoiblí san Aontas a bhfuil soláthar feistí leighis a thagann faoin Stór Focal Comhchoiteann um Sholáthar ('cóid CPV 33100000-1 go 33199000-1 mar a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 2195/2002[11]) mar ábhar acu agus a bhfuil luach measta atá cothrom le EUR 5 000 000 glan ó CBL nó os a chionn acu. Is é sin an beart is cuimsithí is féidir leis an Aontas a fhorchur san earnáil feistí leighis faoi chuimsiú Rialachán IPI, nach gceadaítear leis bearta a mbeadh feidhm acu maidir le nósanna imeachta soláthair phoiblí a bhfuil luach measta níos ísle acu. Mar sin féin, tá a raon feidhme fós níos cúinge ná raon feidhme na mbeart agus na gcleachtas idirdhealaitheach a shainaithnítear sa tSín. Cé go bhfuil feidhm ag córas na Síne den chuid is mó maidir le gach conradh soláthair phoiblí, gan beann ar an luach, ní dhírítear leis an mbeart IPI ach ar chonarthaí a bhfuil luach measta os cionn EUR 5 mhilliún acu. Thairis sin, leis an mbeart IPI ceadaítear do thairgeoirí rathúla suas le 50 % de na feistí leighis a úsáidtear chun conarthaí a chomhlíonadh a fhoinsiú ón tSín, agus dá

[11] Rialachán (CE) Uimh. 2195/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Samhain 2002 maidir leis an Stór Focal Comhchoiteann um Sholáthar (CPV) (IO L 340, 16.12.2002, lch. 1; ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/2195/2022-07-10http://data.europa.eu/eli/reg/2002/2195/2022-07-10).

bhrí sin tá roinnt mhaith feistí leighis de thionscnamh na Síne i margaí soláthair phoiblí an Aontais go fóill. Tá na teorainneacha sin ina n-iarmhairt dhíreach ar na tairseacha agus ar na coinníollacha atá leabaithe i Rialachán IPI féin.

An 19 Meitheamh 2025, ghlac an Coimisiún an beart IPI trí bhíthin Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1197 ón gCoimisiún an 19 Meitheamh 2025[12] i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 11(2) de Rialachán IPI sa Choiste um Bacainní Trádála. Tháinig an beart i bhfeidhm 10 lá tar éis a fhoilsithe san Iris Oifigiúil ar feadh tréimhse 5 bliana. An 6 Iúil 2025, ghlac Rialtas na Síne bearta díoltais maidir le cuideachtaí, earraí agus seirbhísí an Aontais.

D'ainneoin iarrachtaí an Choimisiúin rochtain níos fearr ar an margadh a bhaint amach d'oibreoirí eacnamaíocha an Aontais agus d'fheistí leighis de dhéantús an Aontais ar mhargadh soláthair phoiblí na Síne le haghaidh feistí leighis, agus an iliomad malartuithe le Rialtas na Síne, níor chuir Rialtas na Síne deireadh leis na bearta agus na cleachtais shainaitheanta mar thoradh ar an bpróiseas IPI sin go fóill. Bhí na comhairliúcháin le Rialtas na Síne úsáideach, áfach, chun tuiscint níos fearr a fháil ar na bearta agus na cleachtais shriantacha sa tSín agus chun na bearta is gá chun iad a bhaint ina n-iomláine a shainaithint. Tá an Coimisiún tiomanta i gcónaí do rannpháirtíocht leanúnach le Rialtas na Síne, ar féidir leis leanúint ar aghaidh go dtí go mbainfear na bearta agus na cleachtais shainaitheanta. I ndáil leis sin, foráiltear le hAirteagal 6(10) de Rialachán IPI go bhféadfaidh an Coimisiún beart IPI a chur ar fionraí nó a tharraingt siar má dhéanann an tríú tír lena mbaineann gníomhaíochtaí ceartaitheacha sásúla chun deireadh a chur le lagú na rochtana d'oibreoirí eacnamaíocha, earraí nó seirbhísí an Aontais ar mhargaí soláthair phoiblí nó lamháltais an tríú tír sin nó chun an lagú sin a leigheas, rud a chuirfidh feabhas ar an rochtain sin. Áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfaidh údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha an Aontais dlúthfhaireachán ar chur i bhfeidhm an bhirt IPI ag údaráis chonarthacha agus eintitis chonarthacha an Aontais lena n-áirítear na heisceachtaí ó chur i bhfeidhm an bhirt IPI. I ndáil leis sin, forchoimeádann an Coimisiún a chumas faisnéis a iarraidh ar na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 13(1) de Rialachán IPI.

3. Tuiscint atá faighte ó chur i bhfeidhm Rialachán IPI

Le linn na tréimhse faoi athbhreithniú, bhailigh an Coimisiún faisnéis maidir le bearta agus cleachtais shriantacha líomhnaithe i dtríú tíortha trí úsáid a bhaint as a acmhainní imscrúdaitheacha féin agus trí theagmhálacha le hionadaithe thionscal an Aontais in earnálacha éagsúla. Is iondúil go n-áirítear ar na srianta sainaitheanta oibreoirí eacnamaíocha agus/nó earraí agus/nó seirbhísí an Aontais a eisiamh ó na nósanna imeachta soláthair phoiblí go ceanglais logánaithe agus roghanna intíre amhail frithláirimh, a mbíonn eisiamh *de facto* mar thoradh orthu go minic.

Tá faisnéis bailithe ag an gCoimisiún a thugann le fios go bhféadfadh cuid de na bearta agus na cleachtais sin dochar mór a dhéanamh do rochtain thionscal an Aontais ar mhargaí soláthair phoiblí tríú tíortha agus go gcaillfí deiseanna d'oibreoirí eacnamaíocha an Aontais dá bharr.

[12] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1197 ón gCoimisiún an 19 Meitheamh 2025 lena bhforchuirtear beart faoin Ionstraim Soláthair Phoiblí Idirnáisiúnta lena gcuirtear srian ar rochtain oibreoirí eacnamaíocha agus feistí leighis de thionscnamh na Síne ar mhargadh soláthair phoiblí an Aontais le haghaidh feistí leighis de bhun Rialachán (AE) 2022/1031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1197/oj.

D'ainneoin gur léiríodh an dochar mór eacnamaíoch sin, níor bhain tionscal an Aontais úsáid as an bhféidearthacht gearán foirmiúil IPI a chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 5(1) de Rialachán IPI maidir le haon cheann de na bearta nó na cleachtais a sainaithníodh. Dá bhrí sin, seoladh *ex-officio* an t-aon imscrúdú IPI a rinneadh le linn na tréimhse tuairiscithe. Measann an Coimisiún go bhféadfadh tosca iomadúla a bheith ina gcúis le heaspa gearán foirmiúil IPI.

Ar an gcéad dul síos, i margaí soláthair phoiblí, is minic a bhíonn oibreoirí eacnamaíocha gníomhacha (tairgeoirí) ag brath go mór ar an gceannaitheoir (an t-údarás poiblí). Cé go bhfuil dianbheartas rúndachta curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún atá bunaithe ar na caighdeáin is airde chun faisnéis rúnda a chosaint agus gearáin á láimhseáil, tuairiscíonn oibreoirí eacnamaíocha ar fud earnálacha éagsúla agus atá gníomhach i margaí éagsúla tríú tíortha go bhfuil eagla orthu go mbeidh siad thíos le frithbheart spríocdhírithe agus cóir dhíobhálach ón tríú tír lena mbaineann i gcás gearán foirmiúil a chur isteach.

Ar an dara dul síos, níl ach suim theoranta ag cuideachtaí an Aontais atá gníomhach faoi láthair i margaí soláthair phoiblí tríú tíortha margadh an Aontais a dhúnadh chun giaráil a fháil agus dul i mbun plé leis an tír lena mbaineann. Ní mór an measúnú ar an leas ginearálta agus cinneadh á dhéanamh maidir le himscrúdú a thionscnamh a dhéanamh go cúramach, agus leas eacnamaíoch chuideachtaí uile an Aontais á chur san áireamh.

Chun tacú le húsáid éifeachtach Rialachán IPI, d'fhorbair an Coimisiún uirlisí agus treoraíocht chun cur i bhfeidhm an Rialacháin ag páirtithe leasmhara ar fud na n-earnálacha uile a éascú, de réir mar is iomchuí.

Bhí an t-imscrúdú maidir le bearta agus cleachtais na Síne sa mhargadh soláthair phoiblí le haghaidh feistí leighis bunaithe ar fhianaise láidir. Mar sin féin, leag sé béim ar bhearnaí áirithe maidir leis na sonraí atá ar fáil maidir le sreafaí soláthair phoiblí idirnáisiúnta. Baineann na heasnaimh sin leis an deacracht a bhaineann le rochtain a fháil ar na sonraí conartha soláthair phoiblí is gá chun measúnú a dhéanamh ar rannpháirtíocht thairgeoirí an Aontais i soláthar poiblí tríú tíortha, chomh maith le tionchar na mbacainní soláthair phoiblí tríú tír atá ann cheana in aghaidh tairgeoirí de chuid an Aontais. Tá bearnaí sonraí áirithe i margadh soláthair phoiblí an Aontais freisin, rud a fhágann go bhfuil sé sách deacair measúnú a dhéanamh ar thionchar an bhirt/na mbeart IPI a d'fhéadfadh a bheith ann san Aontas. Mar shampla, léirítear leis na sonraí atá ann faoi láthair maidir le conarthaí soláthair phoiblí atá ar fáil ar an Tenders Electronic Daily tionscnamh an tairgeora rathúil ach ní sholáthraítear leo faisnéis maidir le tionscnamh na n-earraí agus na seirbhísí arna soláthar. Tá faisnéis theoranta ann freisin faoin bhfochonraitheoireacht d'oibreoirí tríú tír agus faoi úinéireacht deiridh na dtairgeoirí rathúla. Dá ndéanfaí bunachar sonraí Tenders Electronic Daily a shaibhriú le faisnéis den sórt sin, go háirithe tionscnamh na n-earraí agus na seirbhísí arna soláthar, d'éascófaí imscrúduithe IPI mar aon le cur chun feidhme bhearta IPI agus faireachán *ex-post* orthu.

4. Conclúidí

I gcomhréir leis na ceanglais dhlíthiúla atá i Rialachán IPI, tá na huirlisí is gá curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun cur i bhfeidhm Rialachán IPI ag oibreoirí eacnamaíocha, ag údaráis chonarthacha agus ag eintitis chonarthacha a éascú. Tá an tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm Rialachán IPI bunaithe freisin ar thaithí an Choimisiúin ar an t-aon imscrúdú IPI amháin a rinneadh go dtí seo, maidir le bearta agus cleachtais na Síne sa mhargadh soláthair phoiblí le haghaidh feistí leighis.

Maidir le toradh fadtéarmach an chéad imscrúdaithe sin agus na chéad bhearta IPI, tá sé róluath teacht ar chonclúidí maidir lena mhéid atá an cuspóir maidir le margadh soláthair phoiblí

oscailte i dtríú tíortha bainte amach ag an ionstraim. Feidhmíonn bearta IPI mar ghiaráil don Aontas chun an oscailt sin a fháil. Go deimhin, cé nár thángthas ar réiteach sásúil le linn an phróisis comhairliúcháin le Rialtas na Síne, tá an Coimisiún fós oscailte le haghaidh rannpháirtíochta fiú tar éis fhorchur an bhirt IPI, ar beart é a d'fhéadfaí a chur ar fionraí nó a tharraingt siar dá mbainfeadh an tSín na bearta agus na cleachtais shainaitheanta.

Ar deireadh, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go mbailíonn an Coimisiún faisnéis fhairsing maidir le bacainní soláthair phoiblí i dtríú tíortha, ach ní mór breithniú cúramach a dhéanamh ar an gcinneadh imscrúdú a sheoladh, mar gheall ar na deacrachtaí bunúsacha a bhaineann le córais soláthair eachtracha a láimhseáil. Áirítear ar na dúshláin sin creataí dlíthiúla casta a léirmhíniú, cleachtais idirdhealaitheacha a shainaithint a bhféadfadh sé nach n-eascraíonn siad as forálacha dlíthiúla ach as bearta agus cleachtais riaracháin, agus tuiscint a fháil ar an gcaoi a gcuirtear córais den sórt sin i bhfeidhm sa chleachtas. Is éard atá i gceist leis sin go minic athbhreithniú a dhéanamh ar líon mór conarthaí soláthair phoiblí, nach mbíonn ar fáil go poiblí go minic, nó nach mbíonn an doiciméadacht is gá acu chun measúnú cuí a dhéanamh. Dá bhrí sin, tá dlúthchomhar leis an tionscal ar an láthair ríthábhachtach. Tá sé ríthábhachtach bealaí oscailte cumarsáide a choinneáil, agus rúndacht iomlán na malartuithe a áirithiú, rud atá cinntithe ag an gCoimisiún cheana féin agus leanann sé de thosaíocht a thabhairt dó.